C/2026/6031

16.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12402 — PURATOS / DAWN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6031)

1. An 6 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Puratos Group NV ('Puratos', an Bheilg),

— Dawn Foods, Inc. ('Dawn', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Puratos rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Dawn.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is táirgeoir agus soláthraí domhanda comhábhar agus réiteach é Puratos don earnáil bácála, don earnáil patisserie agus don earnáil seacláide,

— Is táirgeoir agus soláthraí domhanda comhábhar bácála é Dawn, agus díríonn sé go háirithe ar earraí bácáilte milse de chineál Meiriceánach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12402 — PURATOS / DAWN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').